Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15321/23**

**JEUN 257**
**SOC 760**
**EMPL 544**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le príomhshruthú na hóige i bpróisis chinnteoireachta san Aontas Eorpach a chur chun cinn |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an Moladh thuasluaite ón gComhairle, a d'fhormheas an Chomhairle (Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt) ag an gcruinniú a bhí aici an 23 Samhain 2023.

**IARSCRÍBHINN**

Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le príomhshruthú na hóige[1] i bpróisis chinnteoireachta san Aontas Eorpach a chur chun cinn

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AGUS IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT, AG TEACHT LE CHÉILE DÓIBH I dTIONÓL NA COMHAIRLE, AN MÉID SEO A LEANAS

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á CHUR SAN ÁIREAMH:

1. Ba mhór an tionchar a bhí ag an tsraith géarchéimeanna eacnamaíocha agus sóisialta a thit amach le blianta beaga anuas, in éineacht le géarchéim dhomhanda sláinte COVID-19 agus géarchéim na haeráide, mar aon le tionchar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, i measc nithe eile, ar an aos óg, rud a chuir leis na neamhionannais agus na sáruithe ar chearta an duine, agus a mhéadaigh ag an am céanna castacht na ndúshlán atá roimh an aos óg san Aontas Eorpach (AE) i rith an ama. Tá aghaidh á thabhairt ar na dúshláin sin mar chuid de Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027[2] agus, go háirithe, de Sprioc Óige na hEorpa #3 'Sochaithe cuimsitheacha'.

---

[1] Sna conclúidí seo, is é a thuigtear le príomhshruthú na hóige 'cur chuige ina gcuimsítear dearcadh agus riachtanais daoine óga sna próisis a bhaineann le beartais a cheapadh, a fhaire agus a mheas agus sna próisis chinnteoireachta chomh maith. Áirithítear leis an bpríomhshruthú nach dtugtar aghaidh ar na dúshláin agus na hábhair imní a bhaineann le daoine óga ina n-aonar ach go ndéantar iad a chomhtháthú go trasearnálach i gcreataí beartais níos leithne'.

[2] 'Feabhas a chur ar chinntí beartais maidir leis an tionchar a bhíonn acu ar dhaoine óga ar fud na n-earnálacha uile – go háirithe fostaíocht, oideachas, sláinte agus cuimsiú sóisialta.'

2. Mar thoradh ar ghéarchéimeanna a bheith ag titim amach i ndiaidh a chéile tá cuid de na fadhbanna struchtúracha a bhí ag ár sochaí cheana féin tagtha chun suntais. Tá castacht na ndúshlán atá roimh dhaoine óga éirithe níos follasaí ná riamh, agus é sin ina bhonn leis an dlúthchaidreamh atá idir gnéithe éagsúla mar shampla rochtain ar fhostaíocht, tithíocht agus oideachas ardchaighdeáin ar théarmaí comhionanna ó thaobh comhtháthú sóisialta agus dea-bhail shochmhothúchánach de, chomh maith le rannpháirtíocht pholaitiúil agus shochaíoch, agus comhlíonadh ionchas daoine óga: Aontas Eorpach de dheiseanna, ina n-áirithítear teachtadh iomlán an chirt chun ceartais shóisialta[3].

3. Is sprioc tosaíochta de chuid an Aontais Eorpaigh é an t-eisiamh sóisialta, an t-idirdhealú agus foréigean de gach cineál a chomhrac. Go háirithe, is luach bunúsach de chuid an Aontais Eorpaigh é prionsabal an neamh-idirdhealaithe, a chumhdaítear sa Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, in Airteagail 9, 10 agus 18 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus in Airteagail 14, 21, 24, 32 agus 33 den Chairt um Chearta Bunúsacha.

4. Is dóiche díth ábharach thromchúiseach a bheith ag Eorpaigh idir 16 agus 29 mbliana d'aois ná ag an bpobal i gcoitinne. In 2021, bhí baol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta níos airde i gcás daoine idir 16 agus 29 mbliana d'aois ná mar a bhí sé sa daonra i gcoitinne (24.8 % le hais 21.6 %). Tá an treocht sin – baol níos airde bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta i measc an aosa óig – le feiceáil i mbeagnach leath (13 as 27 mBallstát) de Bhallstáit an Aontais[4].

---

3 De réir an Fhlais-Eorabharaiméadair maidir leis an Aos Óg agus leis an Daonlathas, a rinneadh idir an 22 Feabhra agus an 4 Márta 2022, is é an t-ionchas is mó atá ag daoine óga do Bhliain Eorpach na hÓige 2022 go n-éistfeadh cinnteoirí níos géire lena n-éilimh agus go ngníomhóidís dá réir (72 %), agus go dtacóidís lena bhforbairt phearsanta, shóisialta agus ghairmiúil (71 %). Le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, creideann daoine óga go láidir gurb é príomhchuspóir an Aontais an tsíocháin a chaomhnú, an tslándáil idirnáisiúnta a threisiú agus an comhar idirnáisiúnta a chur chun cinn (37 %). Is iad na chéad ionchais eile is airde go gcruthódh an tAontas tuilleadh deiseanna fostaíochta do dhaoine óga (33 %), go ndéanfadh sé an bhochtaineacht agus éagothromaíochtaí eacnamaíocha agus sóisialta a chomhrac (32 %), agus go ndéanfadh sé beartais atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a chur chun cinn mar aon leis an athrú aeráide a chomhrac (31 %). Measann daoine óga gurb iad seo a leanas príomhréimsí fócais Bhliain Eorpach na hÓige: sláinte agus dea-bhail mheabhrach agus fhisiciúil (34 %), an comhshaol a chosaint agus an t-athrú aeráide a chomhrac (34 %), agus oideachas agus oiliúint, lena n-áirítear saorghluaiseacht foghlaimeoirí (33 %).

4 Eurostat. Míniú ar an staidreamh: An t-aos óg agus cuimsiú sóisialta.

5. Ní leor fós na deiseanna atá ann maireachtáil go neamhspleách, agus na dúshláin atá roimh an aos óg san Aontas maidir le rochtain a fháil ar thithíocht á gcur san áireamh, mar gheall ar éiginnteacht phoist agus an costas ard a bhaineann le lóistín a cheannach nó a fháil ar cíos, nach bhfuil d'acmhainn ag lear mór daoine óga a íoc. Bunchoinníoll chun sochaithe fíorchuimsitheacha cothroma a áirithiú is ea rochtain ar thithíocht chuibhiúil, mar a léirítear i rún ó Pharlaimint na hEorpa[5], ina moltar don Aontas rochtain ar thithíocht chuibhiúil inacmhainne a aithint mar cheart an duine, ar saincheist í atá níos práinní fós i gcás an aosa óig[6].

6. Fadhb eile nach mór aghaidh a thabhairt uirthi is ea na cineálacha éagsúla foréigin a fheiceann Eorpaigh óga, agus tagairt ar leith á déanamh don fhoréigean síceolaíoch a bhaineann leis an mífhaisnéis agus leis an mbréagaisnéis agus don tionchar atá ag na líonraí sóisialta ar an meabhairshláinte. Léirigh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha i dtuarascáil 2021[7] uaithi gur i bhfad níos airde ráta an fhoréigin fhisiciúil, an chiaptha agus na cibearbhulaíochta i measc an aosa óig ná in aoisghrúpaí eile. Ina theannta sin, leagadh béim air sa tuarascáil gurb amhlaidh gurbh iad daoine LGBTI, daoine faoi mhíchumas, mionlaigh eitneacha agus mná óga go háirithe a bhí i mbaol foréigin agus ciaptha. Tá an baol sin níos láidre fós i gcás daoine óga atá thíos le cineálacha iomadúla trasnacha idirdhealaithe nó le míbhuntáistí eile, mar a léirítear sna conclúidí ón Uachtaránacht maidir le sábháilteacht daoine LGBTI san Aontas Eorpach, agus ghlac an Coimisiún Eorpach mórstraitéisí agus pleananna gníomhaíochta chun Aontas comhionannais a chur chun cinn[8][9].

---

[5] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 21 Eanáir 2021 maidir le rochtain ar thithíocht chuibhiúil agus inacmhainne do chách (2019/2187(INI)).

[6] Mar a léiríodh i bhfigiúirí Eurostat ón mbliain 2020, bhí ráta níos airde diandíothachta tithíochta i mBallstáit uile an Aontais i measc daoine óga ná mar a bhí i measc an daonra ina iomláine.

[7] Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, Tuarascáil 2021 maidir le Cearta Bunúsacha.

[8] Conclúidí ón Uachtaránacht maidir le sábháilteacht daoine LGBTI san Aontas Eorpach, 9942/23.

[9] Glacadh le cúig straitéis chomhionannais in 2020 agus 2021 chun dul chun cinn a dhéanamh i dtreo *A Union of Equality: the Gender Equality Strategy 2020-2025* [Aontas an Chomhionannais: Straitéis um Chomhionannais Inscne 2020-2025] (COM (2020) 152 final); *the LGBTIQ Equality Strategy 2020-2025* [an Straitéis um Chomhionannas LGBTIQ 2020-2025], COM(2020) 698 final; *the EU anti-racism action plan 2020-2025* [plean gníomhaíochta an Aontais in aghaidh an chiníochais 2020-2025] (COM(2020) 565 final); *the EU Roma strategic framework for equality, inclusion and participation 2020-2030* [creat straitéiseach an Aontais maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach 2020-2030] (COM(2020) 620 final); agus an *Strategy for the Rights of Persons with Disabilities 2021-2030* [Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030] (COM(2021) 101 final).

7. De réir an tsuirbhé is déanaí a rinne Parlaimint na hEorpa ar an óige[10], dúirt 55 % de dhaoine óga san Aontas gur ar éigean a bhí tuiscint acu ar an Aontas Eorpach. Chreid an chuid is mó de na daoine óga a ghlac páirt sa suirbhé gur bheag an t-ionchur a bhí acu, má bhí ionchur ar bith acu, i gcinntí, dlíthe agus beartais thábhachtacha a dhéanann difear dóibh[11]. Is minice anois a théann daoine óga i muinín bealaí neamh-institiúideacha chun iad féin a chur in iúl i gcúrsaí polaitiúla. Is féidir a mheas go bhfuil an fhorbairt sin dearfach, dáiríre, ach is ábhar imní í má tá sí bunaithe ar an dearcadh nach dtugann na hinstitiúidí Eorpacha aon deis do dhaoine óga a bheith rannpháirteach i bpróisis chinnteoireachta nó aghaidh a thabhairt ar a riachtanais agus ar a ndeacrachtaí. Dá bhrí sin, chun cur chuige cuimsitheach a ghlacadh i leith na ndúshlán a dhéanann difear do dhaoine óga, ní mór dóibh a bheith rannpháirteach in institiúidí poiblí agus i bpróisis ceaptha beartas, trí chineálacha rannpháirtíochta atá idir neamh-institiúideach agus institiúideach.

8. Cuireann Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE)[12] i bhfios go láidir go bhfuil sé tábhachtach measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag nósanna imeachta ceaptha beartais an Aontais ar dhaoine óga chun riachtanais agus ionchais daoine óga agus na nglún atá le teacht a chur san áireamh agus raon feidhme a chur ar fáil lena n-áirítear na réimsí beartais uile a dhéanann difear díreach agus indíreach do dhaoine óga. Tá níos mó i gceist le measúnú tionchair ná réimse traidisiúnta na mbeartas óige.

---

**10** Flais-Eorabharaiméadar, Tuarascáil Mheán Fómhair 2021.

**11** Dá fhaide i gcéin an réimse rialachais atá á bhreithniú is ea is mó an bhraistint sin: Mothaíonn 53 % acu gur beag an t-ionchur atá acu, nó nach bhfuil ionchur ar bith acu, i gcinntí, dlíthe agus beartais a dhéanann difear dá gceantar dúchais, agus tá méadú go 70 % ar an bhfigiúir sin le haghaidh ábhar a dhéanann difear don Aontas ina iomláine.

**12** Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, Measúnú tionchair an Aontais ó thaobh na hóige de (tuairim féintionscnaimh), an 21 Meán Fómhair 2022, SOC/728 -EESC-2022.

9. Sa rún uaithi maidir le hoidhreacht Bhliain Eorpach na hÓige 2022, iarrann Parlaimint na hEorpa[13] ar an gCoimisiún 'Measúnú tionchair an Aontais ó thaobh na hóige de' lánfheidhme a ghlacadh chun rannpháirtíocht, rannpháirteachas agus tiomantas fóinteach daoine óga a áirithiú agus beartais uile an Aontais á n-ullmhú, measúnú tionchair córasach a bhunú ina chuid tograí lena áirithiú go ndéanfaí leo riachtanais daoine óga a chur chun cinn agus a léiriú agus bearta maolúcháin a dhéanamh má bhíonn tionchar diúltach acu.

10. Sa Chairt uaidh um an Óige agus um an Daonlathas, iarrann Coiste Eorpach na Réigiún[14] go mbunófaí sásra measúnaithe tionchair ó thaobh na hóige de lena áirithiú go mbeidh reachtaíocht agus beartas nua uile an Aontais faoi réir measúnú tionchair atá dírithe ar an aos óg, lena n-áirítear comhairliúchán le heagraíochtaí óige maidir leis na leibhéil éagsúla agus saineolaithe óige ar leibhéal an Aontais agus bearta maolúcháin a cheapadh i gcás ina n-aithneofaí tionchar diúltach.

11. Iarrtar sa tuarascáil ar thoradh deiridh na Comhdhála ar thodhchaí na hEorpa go dtabharfaí isteach seiceáil óige ar reachtaíocht, lena n-áirítear measúnú tionchair agus sásra comhairliúcháin le hionadaithe daoine óga, nuair a mheastar go mbeidh tionchar ag reachtaíocht ar dhaoine óga agus, mar a thuairiscítear i dtogra 47, 'lena áirithiú go n-amharcfar ar an gceapadh beartais uile ar leibhéal an Aontais trí shúile daoine óga'. Ina theannta sin, iarrtar sa tuarascáil go bhforbrófaí 'Measúnú tionchair ó thaobh na hóige de' le haghaidh gach píosa reachtaíochta agus gach beartais nua chun a áirithiú go ndéanfar 'measúnú tionchair atá dírithe ar an óige, lena n-áirítear comhairliúchán le daoine óga'**[15]**.

---

**13** Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Samhain 2022 maidir le hoidhreacht Bhliain Eorpach na hÓige 2022 (2022/2953(RSP)).

**14** An Chairt um an Óige agus um an Daonlathas. Coiste Eorpach na Réigiún, Samhain 2022.

**15** Comhdháil ar Thodhchaí na hEorpa. Tuarascáil ar an toradh deiridh, Bealtaine 2022.

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á AITHINT AICI:

12. Mar a tugadh chun suntais i Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027: ‘Tá méadú ag teacht ar líon na ndaoine óga nach bhfuil muinín acu as an Aontas, agus bíonn deacrachtaí acu tuiscint a fháil ar a phrionsabail, a luachanna agus a fheidhmiú. Sainaithníodh easnaimh dhaonlathacha i bpróisis an Aontais freisin mar cheann de na cúiseanna le fás an eoraisceipteachais i measc daoine óga’[16]. Mar sin féin, de réir shuirbhé Eorabharaiméadair maidir leis an óige agus an daonlathas in 2022, tá roinnt ionchas ag daoine óga ón Aontas, mar shampla an tsíocháin a chaomhnú, deiseanna fostaíochta a mhéadú don aos óg, an bhochtaineacht agus neamhionannais eacnamaíocha agus shóisialta a chomhrac[17].

13. Sa 6ú timthriall de chomhairliúcháin Idirphlé Óige an Aontais, a rinneadh chun guth a thabhairt do dhaoine óga i bpróiseas ceaptha Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh a dhearadh, ba léir go raibh sé curtha in iúl ag daoine óga go raibh siad faoi ghannionadaíocht i bpróisis chinnteoireachta agus nach raibh ach cumas teoranta acu tionchar trasearnála a bheith acu ar na beartais uile a bhfuil tionchar acu ar na dúshláin atá rompu ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus Eorpach. Tá an dearcadh sin fós ann sa 9ú timthriall den Idirphlé Óige a tugadh chun críche le déanaí, ina leanann daoine óga de bheith ag éileamh ‘go ndéanfaí bearta iomchuí chun rannpháirtíocht fhóinteach na hóige a phríomhshruthú i ngach réimse beartais ábhartha’[18].

---

**16** Luaitear sna Spriocanna don Óige a d’eascair as Idirphlé Struchtúrtha 2017-2018 leis an Óige gur ‘sainaithníodh easnaimh dhaonlathacha i bpróisis an Aontais freisin mar cheann de na cúiseanna le fás an eoraisceipteachais i measc daoine óga’ agus moltar iontu ansin bearta sonracha i dtaca leis na heasnaimh sin. Straitéis Óige na hEorpa, Iarscríbhinn 3.

**17** Féach fonóta 4.

**18** Rún ón gComhairle agus ó ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le Torthaí an 9ú Timthriall d’Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh, 2023/C 185/04.

14. Ceann de na príomhionchais a bhíonn ag daoine óga, mar a tugadh le fios i suirbhé Flais-Eorabharaiméadair maidir leis an óige i mí an Mheithimh 2021, go dtabharfadh an tsochaí i gcoitinne agus lucht ceaptha beartas go háirithe aird níos mó ar a gcuid tuairimí agus aghaidh ar a gcuid riachtanas. Thug 33 % de na daoine óga a ghlac páirt sa suirbhé an freagra sin[19].

15. Mar a léiríonn an fhianaise staidrimh a bhaineann leis an aoiseachas, bíonn tionchar mór ag an aois ó thaobh an idirdhealaithe de, rud a chuireann leis an neamhionannas inár sochaithe, mar a d'aithin an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte[20], agus is den ríthábhacht é sin a chur san áireamh agus beartais phoiblí a bhaineann le saincheisteanna daoine óga á gceapadh, chun luachanna na dlúthpháirtíochta idirghlúine a chosaint mar cholún bunúsach den chomhtháthú sóisialta.

16. Is iomaí constaic a bhaineann leis an aistriú ón oideachas agus ón oiliúint go dtí margadh an tsaothair i gcónaí i gcás go leor daoine óga san Eoraip, a mbíonn deacrachtaí móra acu poist chuibhiúla a fháil a chuirfidh ar a gcumas a bpleananna saoil a chur i gcrích agus ionchais níos fearr a bheith acu amach anseo.

17. Sciar suntasach de dhaoine óga na hEorpa, is daoine óga iad nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna (NEET). In 2021 is sa chatagóir NEET a bhí 13.1 % de na daoine idir 15 bliana agus 29 mbliana d'aois (i.e. breis agus 9.3 milliún duine), agus bhí éagsúlachtaí móra ann ar fud Bhallstáit an Aontais. Thairis sin, díríonn Bliain Eorpach na Scileanna[21] aird ar leith ar an ngrúpa sin.

---

[19] Flais-Eorabharaiméadar, Suirbhé Pharlaimint na hEorpa ar an óige, Meán Fómhair 2021.

[20] Measann an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte gurb é an t-aoiseachas an tríú cúis is mó leis an idirdhealú ar fud an domhain.

[21] Cinneadh (AE) 2023/936 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Bliain Eorpach na Scileanna, IO L 125, 11.5.2023, lch. 1.

18. Tá tionchar níos mó ag an dífhostaíocht ar dhaoine óga agus tá tionchar mór aici orthu siúd ar a ndéantar eisiamh sóisialta agus orthu siúd atá ina gcónaí agus ag obair i réigiúin atá i mbaol ar fud Bhallstáit an Aontais, lena n-áirítear na réigiúin is forimeallaí[22]. Léiríonn sin go ngéaraítear leochaileacht daoine óga a mhéid a bhaineann leis an dífhostaíocht i ngeall ar an trasnáil idir na cineálacha éagsúla neamhionannais nó na cineálacha éagsúla eisiaimh a bhfuil siad thíos leo[23][24]·.

19. Is cearta bunriachtanacha do chách iad an t-oideachas, tithíocht agus rochtain ar sheirbhísí ardcháilíochta, lena n-áirítear dóibh siúd atá ag cur tús le céim nua den saol agus iad faoi mhíbhuntáiste nó a bhfuil ionchais fhorbhásacha fostaíochta acu chomh maith le deacrachtaí eile a thrasnaíonn réimsí éagsúla agus a chuireann leis na neamhionannais sin. Fágann an easpa deiseanna gur deacra saol níos fearr a bhaint amach agus gur lag an riocht ina mbíonn go leor daoine óga ón tús[25].

20. Tagann méadú as cuimse ar na míbhuntáistí sin i gcás mná óga, daoine óga LGBTI, daoine óga ó chúlra imirceach, agus daoine óga faoi mhíchumas.

---

**22** Eurostat, míniú ar an staidreamh: Dífhostaíocht i measc na hóige, Lúnasa 2022.

**23** Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *A Union of Equality: Gender Equality Strategy 2020-2025* [Aontas an Chomhionannais: an Straitéis Comhionannais Inscne 2020-2025] COM/2020/152 final.

**24** Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Aontas an Chomhionannais: An Straitéis um Chomhionannas LGBTIQ 2020-2025, COM/2020/698 final.

**25** Moladh CM/Rec(2015)3 a ghlac Coiste Airí Chomhairle na hEorpa an 21 Eanáir 2015.

21. Ní raibh an ghéarchéim aeráide agus iarmhairtí an téimh dhomhanda chomh práinneach riamh agus atá siad sa lá atá inniu ann agus is ar shaol daoine óga go háirithe a théann siad i bhfeidhm. Ionas nach gcuirfear deiseanna saoil daoine óga i mbaol, tá gá le bearta struchtúracha fadtéarmacha inbhuanaithe in go leor réimsí beartais agus ní mór dóibh a bheith dírithe go sonrach ar dhaoine óga atá thíos le cineálacha éagsúla idirdhealaithe nó míbhuntáistí eile.

22. Is deis iontach í an Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach atá ar na bacáin maidir le hoidhreacht Bhliain Eorpach na hÓige 2022, mar aon leis an meastóireacht eatramhach ar Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027, chun machnamh a dhéanamh ar an taithí a fuarthas roimhe seo agus chun feabhas a chur ar na príomhuirlisí atá ann cheana mar chuid den bheartas i leith na hóige[26], agus chun tosaíochtaí ar nós dea-bhail daoine óga a chur i gcroílár an cheaptha beartas agus deiseanna comhionanna a chur ar fáil dóibh chun a bpleananna saoil a bhaint amach saor ó fhoréigean agus feasacht iomlán acu ar a gcearta agus tairbhe iomlán á baint acu astu[27].

23. Nuálaíocht mhór a d’eascair as Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027 ab ea an ról a bhí ag Comhordaitheoir Eorpach na hÓige, arna bhunú ag an gCoimisiún Eorpach, a d’fheabhsaigh an comhar agus an príomhshruthú trasearnála, chomh maith le forbairt agus malartú eolais i seirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an óige agus a d’oibrigh i gcomhar le geallsealbhóirí éagsúla chun cumarsáid chomhleanúnach i leith daoine óga a áirithiú.

---

26 Ionstraimí arna liostú i roinn 3 de Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh maidir le comhar ar bhonn ionstraimí agus rialachais.

27 Féach fonóta 3.

DE BHRÍ GUR FÍOR AN MÉID SEO A LEANAS:

24. Is acmhainn don tsochaí é gach duine óg agus ba cheart do gach beartas agus gníomhaíocht a bhaineann le daoine óga tacú leis an gceart atá ag daoine óga a bheith rannpháirteach agus beartais a bhaineann leo á bhforbairt, á gcur chun feidhme, á bhfaire agus á meas trí bhíthin rannpháirtíocht fhóinteach daoine óga agus eagraíochtaí óige. Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas Eorpach, trína chláir mar shampla Erasmus+ agus an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach san áireamh, oibriú chun cearta daoine óga a chosaint, aghaidh a thabhairt ar a gcuid dúshlán agus freagairt dá riachtanais agus dá n-ionchais. Ar an gcaoi sin, féadfar a áirithiú go ndéanfaidh an tAontas infheistíocht ina thodhchaí féin agus go gcaomhnóidh sé a inbhuanaitheacht eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil.

25. Is daoine dlítheanacha iad daoine óga a bhfuil a n-acmhainneacht, a gcumais agus a mbuanna bunriachtanach d'aon tsochaí, agus ba cheart iad a chuimsiú go hiomlán sna próisis pholaitiúla agus sna próisis chinnteoireachta.

26. Is coinníoll riachtanach í rannpháirtíocht daoine óga chun aon phróiseas polaitiúil a dhlisteanú agus a éifeachtúlacht a mhéadú, agus chun a chur ar chumas daoine óga muinín a bheith acu as na hinstitiúidí Eorpacha agus creidiúint iontu, agus na naisc a cheanglaíonn iad le féiniúlacht agus luachanna na hEorpa a neartú. Ní mór don Eoraip a bheith tiomanta do thodhchaí dhaoine óga na hEorpa freisin.

27. Pobal casta ilchineálach iad daoine óga na hEorpa, agus ba cheart don Aontas a ráthú go ndéanfar beartais atá dírithe ar an óige a cheapadh le cur chuige atá bunaithe ar chearta agus lena ndéantar dearcadh na hóige a phríomhshruthú, rud a fhágfaidh go mbeidh na beartais sin fíorchuimsitheach agus go ndíreoidh siad ar gach duine óg agus ar gach éagsúlacht a bhaineann leo ar fud na hEorpa.

28. Bíonn saol daoine óga á mhúnlú ag beartais atá fréamhaithe san iliomad réimsí beartais agus atá ar leibhéil éagsúla cur chun feidhme. Dá bhrí sin, ní fhéadfar a áirithiú ach trí phríomhshruthú na hóige a bheith mar thosaíocht i réimsí éagsúla beartais, go gcuirfear na riachtanais agus na héifeachtaí a bhaineann le daoine óga go sonrach san áireamh sna beartais nó sna cláir a bheartaítear[28].

29. Ní mór na beartais Eorpacha sin a dhíriú freisin ar an dea-bhail, ar an meabhairshláinte agus ar an gcúram sláinte, lena n-áirítear machnamh comhchoiteann agus gníomhaíocht pholaitiúil ina dhiaidh sin chun cosaint a thabhairt ar ról na ndaoine óga sa chomhroinnt acmhainní chomh maith lena gcumas tionchar a imirt ar phróisis chinnteoireachta ó thaobh na nglún éagsúil de, trí chomhar idir na glúine.

---

[28] *Reykjavik Declaration – United around our values* [Dearbhú Réicivíc – Aontaithe bunaithe ar ár luachanna] tar éis an 4ú cruinniú mullaigh de Cheannairí Stáit agus Rialtais Chomhairle na hEorpa (an 16 agus an 17 Bealtaine 2023, an Réicivíc).

IARRTAR AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

30. Príomhshruthú na hóige i ngach réimse beartais a fheabhsú, i gcomhréir le Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027 agus le Bliain Eorpach na hÓige, chun cuimsiú dhearcadh na hóige a chur chun cinn agus beartais an Aontais á bhforbairt. Go sonrach, iarrtar air dearcadh na hóige a phríomhshruthú agus beartais á gceapadh, á gcur chun feidhme, á bhfaire agus á meas, an dearcadh sin a chur i bhfeidhm i ngach réimse a bhaineann le saol na ndaoine óga, agus Comhordaitheoir Eorpach na hÓige a rannpháirtiú sa mhéid sin de réir mar is iomchuí ar leibhéal an Aontais.

31. A áirithiú go mbainfear leas iomlán as uirlisí reatha an Choimisiúin um Rialáil Níos Fearr, ionas go gcuirfear an tionchar ar an óige san áireamh i bpróiseas ceaptha beartas an Aontais. Ach dearcadh na hóige a chuimsiú a thuilleadh sa phróiseas ceaptha beartas, d’fhéadfaí rannchuidiú le cuspóirí mheasúnú tionchair an Aontais ó thaobh na hóige de a bhaint amach.

32. Iniúchadh agus anailís bhreise a dhéanamh ar úsáid measúnaithe tionchair rialála ar bheartais an Aontais maidir leis daoine óga. D’fhéadfaí a áireamh leis sin go mbainfí feidhm as measúnú tionchair an Aontais ó thaobh na hóige de. D’fhéadfaí féachaint ar an measúnú tionchair sin mar uirlis anailíseach lena ndéanfaí an tionchar a bhíonn ag beartais an Aontais ar dhaoine óga a mheas. D’fhéadfaí samhlacha atá ann cheana i roinnt Ballstát a bheith mar spreagadh dó.

IARRTAR AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN, DE BHUN PHRIONSABAL NA COIMHDEACHTA, INA RÉIMSÍ INNIÚLACHTA FAOI SEACH AGUS AR NA LEIBHÉIL IOMCHUÍ, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

33. Comhoibriú le chéile ar an mbeartas maidir le príomhshruthú na hóige i ngach réimse beartais, i gcomhréir le Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027, chun cuimsiú dhearcadh na hóige a chur chun cinn agus beartais an Aontais á gceapadh. Go sonrach, príomhshruthú na hóige a chothú agus cinntí á ndéanamh agus beartais á gceapadh, á gcur chun feidhme, á bhfaire agus á meas, agus an dearcadh sin a chur i bhfeidhm i ngach réimse a bhaineann le saol na ndaoine óga.

34. Feabhas a chur ar an gcomhar, lena n-áirítear an fhoghlaim fhrithpháirteach, idir an Coimisiún Eorpach, na Ballstáit, eagraíochtaí óige agus geallsealbhóirí ábhartha eile, lena n-áirítear trí chleachtais atá ann cheana ar nós gníomhaíochtaí piarfhoghlama, maidir le cur chuige cuimsitheach a chur chun feidhme sna beartais phoiblí chun anailís a dhéanamh ar a dtionchar ar shaol na ndaoine óga.

35. A mholadh go mbeadh fianaise agus sonraí eimpíreacha mar bhonn láidir le cinnteoireacht[29] agus go n-aithneofar a bhunriachtanaí atá príomhshruthú na hóige agus rannpháirtíocht fhóinteach na hóige i gceapadh beartas poiblí.

36. Comhoibriú le chéile agus na hiarrachtaí is gá á ndéanamh, in éineacht leis na geallsealbhóirí ábhartha, chun gné na hóige a chuimsiú i measúnú tionchair agus meastóireacht bheartais an Aontais leis na próisis chinnteoireachta a fheabhsú agus lena chur ar chumas daoine óga san Aontas ról tábhachtach a bheith acu agus a bhfuil i ndán dóibh á chinntiú.

37. Tógáil ar an méid a baineadh amach roimhe seo agus ar chur chuige comhchruthaitheach Bhliain Eorpach na hÓige agus leanúint de rannpháirtíocht il-leibhéil a chothú ina mbeidh na hinstitiúidí Eorpacha, na Ballstáit agus daoine óga san Aontas páirteach, agus béim á leagan ar luachanna na trédhearcachta agus na hinrochtaineachta, chun tionchar dearfach a imirt ar na naisc a cheanglaíonn Eorpaigh óga leis an Aontas.

---

**29** Rún ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le creat don chomhar Eorpach i réimse na hóige: Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027, IO C 456, 18.12.2018.

## IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN

Cuireadh beartais i leith na hóige chun cinn go seasta le blianta beaga anuas, mar a léiríonn an méid seo a leanas:

– Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027, lena mbaineann 11 Sprioc Eorpacha don Óige, a ceapadh le haghaidh tosaíochtaí daoine óga san Eoraip roimh an bpaindéim agus ar léiriú iad ar na tosaíochtaí sin.

– An bhéim a leagtar ar dhaoine óga i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta, lena mbunaítear 20 príomhphrionsabal atá riachtanach do mhargaí saothair agus córais cosanta sóisialta atá cothrom agus éifeachtach.

– Plean Gníomhaíochta an Choimisiúin Eorpaigh um Imeascadh agus Cuimsiú 2021-2027, a glacadh in 2020, agus lena dtugtar aird ar leith ar Eorpaigh óga.

– An gealltanas a tugadh in 2020 an Ráthaíocht fheabhsaithe don Aos Óg a chur i bhfeidhm, rud a neartaigh an tacaíocht leathan don fhostaíocht don aos óg ar fud an Aontais trí bhíthin cur chuige níos cuimsithí.

– An cinneadh 2022 a ainmniú mar Bhliain Eorpach na hÓige, agus é mar aidhm leis sin spásanna agus deiseanna nua do dhaoine óga a fheabhsú, a chumhachtú agus a chur chun cinn chun go mbeadh siad in ann páirt a ghlacadh agus ról ceannasach a bheith acu san Eoraip.